2024/1885

10.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1885 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2024

lena gcuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 49 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meitheamh 2021, deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978 ón gCoimisiún ([2]) údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0023860-0000 aige do shealbhóir an údaraithe Schülke & Mayr GmbH chun an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 44(5) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) An 23 Eanáir 2024 chuir Schülke & Mayr GmbH iarraidh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an údarú Aontais sin a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarraidh faoi chás-uimhir BC-GQ091762-19 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(3) An 12 Feabhra 2024, d'iarr an Ghníomhaireacht ar Schülke & Mayr GmbH údar cuí a thabhairt leis an iarraidh agus an 13 Feabhra 2024, luaigh Schülke & Mayr GmbH go ndearnadh an iarraidh ar chúiseanna gnó. Chuir an Ghníomhaireacht an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún an lá céanna.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' a chur ar ceal arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe agus, dá réir sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978 a aisghairm.

(5) Is iomchuí freisin tréimhse chairde a dheonú chun na stoic atá ann cheana a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' arna dheonú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978 do Schülke & Mayr GmbH agus ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0023860-0000.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/978 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 lena ndeonaítear údarú Aontais don fhine táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' (IO L 216, 18.6.2021, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/978/oj).

Airteagal 3

Ní chuirfear táirgí bithicídeacha den fhine táirgí bithicídeacha 'Lyso IPA Surface Disinfection' ar fáil ar an margadh a thuilleadh ón 26 Eanáir 2025 agus ní úsáidfear a thuilleadh stoic atá ann cheana de tháirgí bithicídeacha den sórt sin ón 25 Iúil 2025.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN